



# **PÁIPÉAR CATT LAN 1 (09) JC**

## **AN CHOMHAIRLE AIREACHTA THUaidH THEAS**

### **FORMÁID RANNACH AN FHORAIS TEANGA**

#### **GAOTH DOBHAIR**

**9 IÚIL 2009**

#### **CHOMHRÁITEAS**

1. Tionóladh an t-ochtú cruinniú den Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas i bhformáid rannach an Fhorais Teanga i nGaoth Dobhair an 9 Iúil 2009.
2. Bhí Éamon Ó Cuív, an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, Nelson McCausland, MLA, an tAire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta, agus Caitriona Ruane, MLA, An tAire Oideachais, i láthair ag an gcruinniú. Ba é an tAire O Cuív a bhí ina chathaoirleach ar an gcruinniú.
3. Dhéileáil an cruinniú le saincheistean a bhaineann leis an bhForas Teanga agus lena dhá chomhghníomhaireacht, Foras na Gaeilge agus Tha Boord o Ulstèr Scotch (Gníomhaireacht na hUltaise).

## **Tuarascálacha ar Dhul Chun Cinn**

4. Fuair an Chomhairle tuarascálacha ar dhul chun cinn ó Chathaoirligh agus ó Phríomhfheidhmeannaigh Fhoras na Gaeilge (An tUas. Liam Ó Maoilmhichíl agus An tUas. Ferdie Mac an Fhailigh) agus Tha Boord o Ulstèr Scotch (An tUas. Mark Thompson agus an tUas. George Patton) agus ar fhorbairtí in 2009. Thug an Chomhairle ar aird an comhoibriú leanúnach idir na Gníomhaireachtaí i raon tionscadal.

## **Tuarascálacha Bliantúla agus Cuntais an Fhorais Teanga**

5. Thug an Chomhairle ar aird an dul chun cinn ar Thuarascálacha Bliantúla agus Chuntais an Fhorais Teanga. Tá an dá Ghníomhaireacht, i gcomhar leis na Ranna Urraíochta, ag leanúint ag tabhairt aghaidh, mar thosaíocht, ar na saincheisteanna gan réiteach maidir leis na Tuarascálacha Bliantúla agus leis na Cuntais. D'iarr an Chomhairle tuarascáil eile ar dhul chun cinn ag an gcéad chruinniú eile de CATT i bhformáid rannach an Fhorais Teanga.

## **Foirniú agus Dílárú Fhoras na Gaeilge**

6. Phléigh an Chomhairle saincheisteanna foirne i bhForas na Gaeilge agus d'athbhreithnigh sí dílárú fhoireann Fhoras na Gaeilge go Gaoth Dobhair. D'iarr sí ar an ngrúpa oibre leanúint den scrúdú ar aighneacht foirniú Fhoras na Gaeilge i bhfianaise leithroinnt airgeadais 2009. Líonadh 2 phost i mBéal Feirste i mí Feabhra 2009, a bhí ceadaithe ag an CATT in 2008.

## **Scéim Cúnaimh Airgeadais Leasaithe Gníomhaireacht na hUltaise**

7. Phléigh agus cheadaigh an Chomhairle tabhairt isteach Scéim Cúnaimh Airgeadais leasaithe le húsáid ag Gníomhaireacht na hUltaise. Leathnaíonn an Scéim Cúnaimh Airgeadais leasaithe an scéim le go mbreithneofar ar iarratais a bhaineann le héilimh taistil, oibríthe pobail agus "íocaíochtaí dháta tosaigh tionscadal" d'imeachtaí. Tá na hathruithe sin leagtha amach chun oibriú praiticiúil na Scéime a fheabhsú.

## **Comhalta Boird Nua a cheapadh**

8. Thug an Chomhairle ar aird éirí as oifig Mark Thompson mar Chathaoirleach ar tha Boord o Ulstèr Scotch agus d'athain sí an ionchur luachmhar d'obair an Bhoird.

9. Cheadaigh an Chomhairle ceapadh Peter Gallagher ar Bhord an Fhorais Teanga ón 9 Iúil 2009 go dtí 12 Nollaig 2011. Beidh an tUasal Gallagher freagrach as feidhmeanna an Fhorais a fheidhmiú trí Fhoras na Gaeilge.

#### **Dáta an chéad chruinnithe eile**

10. Chomhaontaigh an Chomhairle an chéad chruinniú eile i bhformáid rannach an Fhorais Teanga a thionól i mí na Samhna/na Nollag 2009.

### **An Chomhrúnaíocht**

**9 Iúil 2009**